Cúirt Bhreithiúnais an Aontas Eorpaigh
**PREASEISIÚINT Uimh. 4/22**
Lucsamburg, an 13 Eanáir 2022

Preas agus Eolas

Éisteacht shollúnta de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

# Dul in oifig de thriúr Comhaltaí nua de Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh

Le cinneadh an 21 Nollaig 2021, cheap ionadaithe Rialtais na mBallstát, don tréimhse ón 22 Nollaig 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2025, Damjan Kukovec agus, in ionad Anthony Collins, Suzanne Kingston agus, don tréimhse ón 22 Nollaig 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022, in ionad Dimitrios Gratsias, Ioannis Dimitrakopoulos mar Bhreithiúna de Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh.

Beidh éisteacht shollúnta de chuid na Cúirte Breithiúnais ann inniu agus na Comhaltaí nua ag dul i mbun oifige.

Déanfar craoladh beo den éisteacht shollúnta sin ó 12:00 ar an suíomh seo a leanas: https://c.connectedviews.com/cdj

**Curriculum Vitae na gComhaltaí nua**

**Damjan Kukovec**

Rugadh Damjan Kukovec in 1977 i Liúibleána (an tSlóivéin). Bhain sé céim sa dlí amach ón Scoil Dlí in Univerza v Ljubljani (Ollscoil Liúibleána, an tSlóivéin) in 2001 chomh maith le máistreacht sa dlí ó Harvard Law School (Scoil Dlí Ollscoil Harvard, SAM) in 2002. Ba san ollscoil sin a rinne sé a chuid staidéir dochtúireachta, agus chosain sé a thráchtas in 2015.

In 2002, chuir sé tús lena shlí bheatha ghairmiúil mar dhlíodóir ag an Višje sodišče v Ljubljani (Chúirt Achomhairc Liúibleána, an tSlóivéin) agus bhí an post sin aige go dtí 2004. Le linn 2004, bhí sé ina dhlíodóir sa Chúirt Speisialta do Shiarra Leon (Freetown, Siarra Leone) agus os comhair an Ustavno sodišče (Cúirt Bhunreachtúil, an tSlóivéin).

In 2005, thosaigh Kukovec ag obair le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh mar oifigeach dlí sula ndeachaigh sé isteach i seirbhís dlí an Choimisiúin Eorpaigh ó 2006 go 2018.

Ag an am céanna, thug Kukovec faoi ghairm acadúil trí ghníomhaíochtaí teagaisc éagsúla a dhéanamh sa dlí Eorpach. Idir 2011 agus 2013, bhí sé ina léachtóir cúnta agus ansin ina léachtóir ag Harvard Law School. Mhúin sé ansin ag roinnt ollscoileanna dlí ar fud an domhain, lena n-áirítear FGV Direito Rio, Rio de Janeiro (Scoil Dlí Fhondúireacht Getulio Vargas, Rio de Janeiro, an Bhrasaíl) in 2014, University of Kent's Brussels School of International Studies (Brussels School of International Studies ag Ollscoil Kent, an Bheilg) in 2016, Institiúid Ollscoile Eorpach i bhFlórans (IOE, an Iodáil) in 2016 agus 2017, agus Univerza v Ljubljani arís idir 2018 agus 2020. Ó 2018, tá Kukovec mar léachtóir sa dlí agus stiúrthóir comhlach ar an gclár dochtúireachta ag Middlesex University i Londain (Ollscoil Middlesex, an Ríocht Aontaithe).

Is údar é Kukovec ar iliomad fhoilseachán maidir le dlí an Aontais Eorpaigh. Tugann ollscoileanna ar fud an domhain cuireadh dó go rialta teacht mar léachtóir chucu.

Ceapadh Kukovec mar bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta an 13 Eanáir 2022.

**Suzanne Kingston**

Rugadh Suzanne Kingston in 1977 i mBaile Átha Cliath (Éire). Bhain sí céim sa dlí amach ó University of Oxford (Ollscoil Oxford, an Ríocht Aontaithe) in 1998 chomh maith le máistreacht sa dlí ó Universiteit Leiden (Ollscoil Leiden, an Ísiltír) in 2000. Ansin chuir sí tús lena staidéar dochtúireachta sa dlí in Ollscoil Leiden, áit ar chosain sí a tráchtas in 2009.

In 1998 glacadh léi mar Abhcóide i gCumann Onórach Gray's Inn, Londain (an Ríocht Aontaithe). In 2002, chuaigh sí isteach in oifig gnólachta dlí idirnáisiúnta sa Bhruiséil mar dhlíodóir agus chleachtaigh sí dlí ansin go dtí 2004.

Chuaigh an tUasal Kingston isteach i seirbhís na Cúirte Breithiúnais mar Rúnaí Dlí don Abhcóide Ginearálta Leendert Geelhoed, lena raibh sí ag obair idir 2004 agus 2006.

Glacadh leis an Uasal Kingston mar Abhcóide i gCumann Onórach Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath (Éire) in 2007. Tá sí ina dlíodóir ag Barra na hÉireann ó 2007 i leith mar Abhcóide, agus ansin mar Abhcóide Sinsir.

Ina theannta sin, mhúin an tUasal Kingston dlí sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (Éire) mar léachtóir ó 2007 go 2015 agus ansin, ó 2015 ar aghaidh, mar ollamh. Le linn a gairme acadúla, mhúin sí in ollscoileanna eile freisin, lena n-áirítear Columbia University (Ollscoil Columbia, SAM), Cambridge University (Ollscoil Cambridge, an Ríocht Aontaithe), Universiteit Leiden, agus Osgoode Hall Law School of York University in Toronto (Osgoode Hall Law School, Ollscoil York, Toronto, Ceanada). Is údar í ar iliomad foilseachán ar dhlí an Aontais Eorpaigh.

Ceapadh an tUasal Kingston mar Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta an 13 Eanáir 2022.

**Ioannis Dimitrakopoulos**

Rugadh Ioannis Dimitrakopoulos in 1971 san Aithin (an Ghréig). Bhain sé céim sa dlí amach in 1992 in Ethniko kai Kapodistriako Panepistimio Athinon (Ollscoil Náisiúnta na hAithne, an Ghréig) agus chríochnaigh sé a chuid staidéir le céim mháistir sa dlí a bhronn Ollscoil Pháras II Panthéon-Assas (an Fhrainc) air in 1994.

Glacadh isteach ag Barra na hAithne é in 1995, áit ar chleachtaigh an tUasal Dimitrakopoulos mar dhlíodóir go dtí 1997.

In 1998, chuaigh sé isteach i seirbhís Symvoulio tis Epikrateias (Comhairle Stáit, an Ghréig) mar iniúchóir agus d'fhóin sé mar chomhalta sóisearach ansin ó 2005 go 2022. Ag an am céanna, bhí sé ina bhall de Choiste Pleanála agus Eagraíochta de Symvoulio tis Epikrateias ó 2009 go 2010. In 2005, chuaigh sé isteach in Oifig an Ombudsman Eorpaigh (Strasbourg, an Fhrainc) ar feadh trí bliana agus bhí sé ina Phríomh-Chomhairleoir Dlí sular fhill sé ar Symvoulio tis Epikrateias in 2008.

Idir 2010 agus 2020, bhí an tUasal Dimitrakopoulos ina Leas-Chathaoirleach freisin ar Bhord Achomhairc na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (Heilsincí, an Fhionlainn).

Ó 2014 go 2015, ceapadh é ina Bhreitheamh cúnta den Anotato Eidiko Dikastirio (An Chúirt Uachtarach Speisialta, an Ghréig) agus den Eidiko Dikastirio tou arthrou 88 par. 2 tou Syntagmatos (Cúirt speisialta arna bunú faoi Airteagal 88(2) de Bhunreacht na Gréige). Ina theannta sin, bhí sé ina Leas-Uachtarán ar Chumann Bhreithiúna Symvoulio tis Epikrateias idir 2014 agus 2016.

Tá baint aige freisin le taighde agus teagasc: ó 2003 go 2004, bhí sé ina Chomhalta Sinsearach ar Cuairt in Ollscoil California, Berkeley (Ollscoil California, Berkeley, SAM) agus, sa cháil sin, chuir sé cúrsaí ar fáil i ndlí comhshaoil an Aontais agus sa dlí comparáideach. Ó 2010 i leith, tá sé ina Ollamh in Ethniki Scholi Dikastikon Leitourgon (Scoil Náisiúnta na mBreithiúna, an Ghréig). Is údar é ar iliomad foilseachán, lena n-áirítear an dlí Eorpach agus cearta bunúsacha.

Ceapadh an tUasal Dimitrakopoulos mar Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta an 13 Eanáir 2022.

*Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.*

*Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.*